Aṫċuimre

Céard tá molta don Ġaeltaċt

Seo a ḃfuil sa Ṗáipéar Bán

Céard tá i gceist ag an Rialtas don Ġaeltaċt? Seo é go h-aṫċomar, an méid atá ráite faoi insan Ṗáipéar Bán:

Is é aiḋm atá le beartas an Rialtais don Ġaeltaċt, adeirtear, gníoṁaíoċt oiriúnaċa eacnamaíoċta a spreagaḋ agus a ḟairsingiú, agus cúrsaí soisialaċ a ḟeabsú, ionas go mbeiḋ deiseanna leor ṁaiṫe ag na daoine a ċónaíonn sa Ġaeltaċt, agus arḃ í an Ġaeilge a ngná urlabra, ċun fostaíoċt ṡocaraċ a ḟáil, agus caiġdeán réasúnta ṁaireaċteála a ḃeiṫ ann.

Cé'n ċaoi a dtaḃarfaí an aiḋm sin ċun cinn? Ċuartaíomar fríd an Páipéar Bán, cuid 3 ag baint leis an nGaeltaċt, agus seo go h-aṫċomair an méid atá ráite ann.

Cúnaṁ Stáit

Tá an cúnaṁ stáit céanna le fáil san Ġaeltaċt atá le fáil san ċuid eile den tír, adeirtear, agus tá deontaisí níos mó i gcásanna, agus deontaisí speisialta a baineas leis an Ġaeltaċt.

Níl aon tráċt ar na deontaisí seo a ṁéadú nó a leaṫnú. Táṫar ag méadú deontas na £5 go dtí £10. Tá an Rialtas taréis a ṡocrú gurḃ é Gaeltarra Éireann a ḃéas ina ṗríoṁ ġléas ċun forbairt eacnamiceaċ a ḋéanaṁ i ngaċ limistéar Gaeltaċta. Níl aon tráċt ar conus mar a raċaiḋ Gaeltarra Éireann i gcionn oibre. Níor ḋein siad faic insan tslí seo le cúig bliana anuas.

Fo-Ċoistí

As na foirne forbairte de oifigí poiblí ins na condaeċta sna ceantair cúnga bunóiḋ an Rialtas fó-coiste do gaċ foireann acu, ċun forbairt a ḋéanaṁ ins na Gaeltaċtaí. Ba ṁór ab' ḟiú é, adeir siad dá mbeaḋ coiste dá leiṫéid ann a ċeapaḋ Comluċtaí deonaċa in gaċ ceantar, agus an coiste oifigiúil agus an coiste deonaċ teaċt le ċéile. le riaċtanais an ċeantair a ṗlé i gcomar lena ċéile. Níl aon tráċt ar cad é díreaċ a ḋéanfaidís, nó an ndéanfaidís rud ar biṫ.

Gaeltarra Éireann

Déanfar leasú ar Aċt bunaiṫe Gaeltarra Éireann le cead a ṫaḃairt dóiḃ dul i bpáirtíoċt le Comluċtaí príoṁáideaċa, ⁊ tá rannóg speisialta bunaiṫe ag Gaeltarra Éireann ċun moltaí le h-agaiḋ tionscail nua a ḃreiṫniú agus a ṁeas. Tá socraiṫe dá ḋéanaṁ fá ċoinne tógáil monarcan Alginate i nGaillim. Sé Gaeltarra Éireann a ċaiṫfiḋ dlúṫas a ċur leis an tionsclaíoċt san Ġaeltaċt, ⁊ spreagfar é ċun feiḋm dearḃóinteaċ a ḋéanaṁ.

Talṁaíoċt

Déanfaiḋ an Rialtas socrú fá ċoinne iompar glasraí ó ċeantar feiliúnaċ Gaeltaċt go dtí an ṁonarca is comgaraí, agus deontas i leiṫ cuid den ċostas. Cuirfear an Ġaeltaċt san áireaṁ freisin, má ṫagann aon ġealú faoi ṁargaḋ do eanlaiṫe clóis, agus uiḃeaċa. fán dara clár um ḟorbairt eacnamiceaċ.

Is féidir deontaisí i gcóir tíṫe gloine d'ḟás trátaí, do ḟáil áit ar biṫ sa Ġaeltaċt feasta.

Tá cuid mór de ṫalaṁ portaí sa Ġaeltaċt naċ ḃfuil feiliúnaċ do fás crann toisc iṫir neaṁṫorṫúil nó talaṁ a ḃeiṫ sceirdiúil. Aċ, de ḃárr taiġde Roinn Tailte, b'ḟéidir go ḃfáigfí réiteaċ ar ċuid de na faḃbanna le h-imeaċt aimsire.

Iascaireaċt

Níl aon ċalaṗort mór don Ġaeltaċt aċ, bíonn Aire na Gaeltaċta agus an tAire Tailte sásta i gcónaí breiṫniú fabaraċ a ḋéanaṁ ar aon ċás a ċuirfiḋ iascairí ón nGaeltaċt faoi'ne mbráid ag iarraiḋ aiseanna cuain níos fearr.

Sin muna dtéann siad ṫar cúpla míle punt!

Cuartaíoċt

Déanfaiḋ Roinn na Gaeltaċta agus Bord Fáilte có-oibriú ag fiosrú forbairt cuartaíoċta insan Ġaeltaċt, agus deontaisí breise do soláṫar do ostáin ⁊ aiseanna turasóireaċta eile. ó aicmí a ḃéarfaiḋ barrántas go mbeiḋ polasaí i leiṫ na Gaeilge aige insan stiúrú.

Obair

Cuiṁneófar ar pobal na Gaeltaċta san ḃeartas geinearálta faoi fear-ċuṁaċt a ċur i ḃfeiḋm, agus seans a ṫaḃairt do ḋaoine a ḟágas feilmeaċa, oiliúint a ḟáil in tionscail nó obair eile.

Timire Ceoil

Iarrfaiḋ an tAire Oideaċais ar na Coistí Gairm-oideaċais féaċaint an féidir Timṫirí Ceoil a ċeapaḋ sna Gaeltaċtaí. Beiḋ clár a léirioḋ saol agus saoṫúlaċt muinntir na Gaeltaċta dá ċraolaḋ ar an radio agus ar an telefís le daoine óna Gaeltaċta páirteaċ iontu.

Nuaċtán Seaċtainiúl

Glactar ó ṫaoḃ prionsabail de, go ḃfuil géarġá le nuaċtán seaċtainiúil i nGaeilge, a d'ḟreastalóḋ go sonnraċ ar an nGaeltaċt, agus naċ mór cúnaṁ maiṫ airgid ón Stát a ḃeiṫ á ḟáil aige.

Agus déanfar leasú ar rátaí na ndeontais a íoctar faoi láṫair leis na nuaċtáin áitiúla Béarla, fá ċoinne píosaí Gaeilge a ḃeiṫ istiġ imeasc an Ḃéarla. Beiḋ rannóg fé leiṫ don Leaḃarlann Condae fá ċoinne na Gaeltaċta.

Scoltaċa

Ins na scoltaċa. ḃéarfar níos mó aire do scrioḃaḋ na Gaeilge san Ġaeltaċt, i leiṫeoirí ar leiṫ ins na scoltaċa, agus leaḃraí le údair áitiúla. Agus taḃarfar cleaċtaḋ do na páistí ins na h-árd ranganna ar ċanúintí eile seaċas a gcanúint féin agus bainfear úsáid as tréiṁseaċán i nGaeilge ċuige seo, agus bunófar Leaḃarlann beag Gaeilge in gaċ scoil le cabair deontas Rialtais. Méadófar uiṁir na scoláireaċtaí ċuig meán-scoltaċa.

Gairmoideaċas

Ullmóiḋ na gairmscoileanna ins na Gaeltaċtaí cailíní fá ċoinne postanna cléireaċais ⁊ rúnaíoċta, agus caḃróiḋ siad le teanga Corapaċ a ṫeagasc dóiḃ ċom maiṫ. Beiḋ cúrsaí ar leiṫ insan Coláiste Réagúnaċ Teicneolaíoċta i nGaillim do ḋaoine ón nGaeltaċt. Molfar scéimeanna ceoil, drámaí, litríoċt. ⁊ rl., atá ag obair faoi Ċoiste Gairmoideaċais Ċondae na Gaillime, do Coiste Gairm-oideaċais eile a ḃfuil Gaeltaċta fúṫa.

Taḃarfaiḋ an Stát, cúnaṁ mar is cuí i leiṫ soláṫar airgid do scéimeanna Gairm-oideaċais don Ġaeltaċt.

Méadófar an deontas £5 go dtí £10 agus íocfar é i leiṫ daoine ós cionn 16 má tá siad ag freastal lán-aimsireaċ ar scoil.

Reilig Maoġinis

De ṫairbe an cuntas a bí againn faoi na coiníní ag Reilig Maoiġinis tá seaċtain ó ṡin, ṫug Fiontan Ó Cuagáin, T.D., scata buaċaillí leis amaċ ó Ċaṫair na Gaillime, agus ṫugadar leo firéidí, cangaċa agus gléasraí eile, agus ċaiṫ siad timpeall ceiṫre h-uaire ċloig, i gceantar Ṁaoiġinis. Ní raiḃ aċ cúpla coinín insan reilig, aċ bí neart insan ċomarsanaċt. Dúirt an tUasal Ó Cuagáin, dá mbeaḋ taisteal ar fáil go raċaḋ neart de na buaċaillí as Gaillim amaċ go Maoiġinis go rialta go dtí go mbeaḋ an ceantar réitiṫe. Ċreid siad, le úsáid na ḃfiréidí, go dtiocfaḋ leo an ceantar a ġlan-

Taiġde agus Forbairt i nGaillim

Ba ċóir ionad taiġde agus forbairte a ḃunú i nGaillim, a ṫarraingeóḋ micléinn, eolaiṫe, teocneólaiṫe agus tionsclóirí. adúirt an tOllaṁ S. Labelle, Coláiste Iolscoile na Gaillime, ag labairt ag dinnéar bliantúil Coiste Tráċtála na Gaillime Dé Saṫairn seo caite.

In Iarṫar na hÉireann, adúirt an tOllaṁ, ní raiḃ maoin aiceanta ar biṫ aċ na daoine, agus ba leor na daoine mar maoin aiceanta. Mar sin de, ċaiṫfeaḋ

Corr na Móna

Tá an obair ag tosaí an tseaċtain seo ċugainn ar gairmscoil nuaCorr na Móna. Seo an scéal is fearr don Ġaeltaċt tréigṫe seo le fada an lá. Cosnóiḋ an scoil nua £29,000. agus siad na conraṫóirí Seán P. Mac Cormaic agus a Ċlann Mac, Caisleán a' Ḃarraiġ. Fógraíoḋ ag an cruinniú deireannaċ den Coiste Gairmoideaċais i nGaillim, go raiḃ glacṫa leis an tairiscint, ⁊ go mbeaḋ an obair ag tosnú gan moill. Nuair a béas an gairmscoil críoċnaiṫe, timpeall an Samraiḋ seo ċugainn, beiḋ cuid

Plean don Iarṫar

Bí halla an Ḃaile, Baile an Róba, líonta ó ċúl go doras nuair a ṫug an tAṫair S. Mac Duibir. Gleann Colmcille, léaċt faoi ċoimirce Rounofort, do Macra na Feirme, agus ba ann a noċtaíoḋ an feaċtas deiċ-bpointe fá ċoinne cosaint an Iarṫair.

Bí Seán Ó Collaráin, O.S., mar ċaṫaoirleaċ, agus an tAṫ. M. Ó Stiofán, S.C.. Rounofort ⁊ an rúnaí, ag labairt ċoṁ maiṫ.

Seo iad na deiċ bpointí atá i bplean an Aṫair Ṁic Duibir, do ḟorbairt an Iarṫair:

1. Dóṫain bun airgid fá ċoinne forbairt na ḃfeilmeaċa beaga le soláṫar leaṫ agus leaṫ ón Rialtas agus ó'n ḟeilméar. Feilméar ar biṫ atá sásta glacaḋ le plean uile-ġabálaċ a ṫarraingeóiḋ na seirḃisí comairlíṫeaċ suas do.
2. Cuṁaċt ag Coimisiún an Talaiṁ le roinnt a ḋéanaṁ ar talaṁ coiteann áit ar biṫ a ḃfuil leaṫ na n-uainéirí sásta é sin a ḋéanaṁ.
3. Scála deontais ion-aṫraiṫe a ṡoláṫar do ċúrsaí Talṁaíoċta le linn tréiṁse an plean.
4. Plean dlúṫ fá ċoinne díogú áitiúil fad agus atáṫar ag feiṫeaṁ leis an Arterial Drainage, ċun socrú a ḋéanaṁ fá ċoinne briseaḋ isteaċ talaṁ úr.
5. Méadú 100 per cent. ar deontas an Land Project ins na ceantair cúnga.
6. Suirḃé ar maoin aiceanta in gaċ réagún, cosúil leis an suirḃé ar maoin tionsclaċ, mar treoir do ċeapaḋ polasaí feirme.
7. Áit a ḃfuil tús-iarraċt áitiúil. gur ċeart 60 p.c. mar deontas a ṫaḃairt le Comċumann a ḃunú i gceantar feilmeaċa beaga.
8. Spreagaḋ do ḟorbairt ceantar cúnga mar feaḃsú ar bunús geilleagraċ na h-áite.
9. Claonaḋ tuaiṫe insan oideaċas, san dóiġ go ḃfáiġiḋ na páistí eolas ar an talṁaíoċt, ⁊ obair tís.
10. Gur ċeart do na Comarċumainn seirḃisí tairgṫe oideaċas agus margaíoċt a ṡoláṫar.

Dúirt sé gur ceann de na faḋbanna móra a bí roiṁ an Iarṫar, laġdú san ṗobal a bí á ġlacaḋ mar bun rud ag na h-údarais, de réir an Dara Plean Geilleagraċ.

Uiḃ Raṫaċ

Cúis ṁór bróin tríd Uiḃ Ráṫaċ ar fad bás Donnċa Ó Sé, Bárr na h-Íne, Dé Doṁnaiġ seo caite. D'éag sé a tiġ cónaí féin, Cillín Liaṫ, Máistir Gaoiṫe. Dearṫár céile, dob' ea é do Ċormaic Breaṫnaċ, Uaċtarán Ċumann na Múinteoirí, Conraḋ na Gaeilge, agus Árd Méire Áṫa Cliaṫ agus Teaċta Dála. Níṫear coṁḃrón lena ḃean ċéile, Máire Bean Uí Sé ,agus lena ċlann ṁac; An tAṫair Caoiṁín, san Astráil; an Caiptín Miċeál Ó Sé, Arm na hÉireann, Tráiġlí; Fineán Ó Sé, Seirḃís Muiri agus Dónal Ó Sé, O.S., Áṫ Cliaṫ. Agus lena iníonaċa, Nóirín Bean Ṁic Ḟionntaiġ, California, Caitlín Ní Ṡé, O.S., Cill Manntáin, Bean P. Ó Súilleaḃáin, O.S. Áṫa Cliaṫ agus Bean P. Ó Siocfraḋa, O.S., Máistir Gaoiṫe.

I bparóiste na Prícraireaċta, d'éag Pádraic Mac Criomṫain. Bí árdmeas air féin, agus ar a ḋintí in Uiḃ Raṫaċ ar fad. Ċuaiġ an soċraid an ṁór ar fad leis go dtí reilig an Gleann Dé Doṁnaiġ. Níṫear coṁḃrón lena ḃean, a ṁac agus ceaṫrar iníonaċ.

Bí slua maiṫ i láṫair ag comórtas treaḃadóireaċta ag Port Mag Aoiḋ, inné. Bí roinnt maiṫ céaċtaí tarracaire agus céaċtaí capall istiġ ar an gcomórtas, ⁊ bí oíċe spórt agus spraoi ann istoíċe.

Ní beiḋ aon aṫrú in Bord Oifigeaċ Coiste Ċondae Ċiarraí do Ċumann Lúṫċleas Gael, ag an Ċomḋáil a ḃeiḋ in halla Manhattan, Tráiġlí, Doṁnaċ, an 31ú Eanair. Tá na hiar-oifig tófa arís d'aon ġuṫ gan aon ainmniúċán eile déanta. Is mar a gcéanna é le Miċeál Ó Ruairc, O.S., Tráiġlí, atá tófa arís mar ionadaí ar an Árd-Ċomairle. Tá Smamas Brosnán, M.O., An Daingean, tófa arís mar ċaṫaoirleaċ, Leo Stac, O.S.. Dúṁaċ, mar leas-ċaṫaoirleaċ, agus T. Ó Cruaidleoiḋ, B.A., Tráiġlí. mar rúnaí, agus Taḋg Prendebille, agus Pádraic Ó Meadra, mar cisteoirí, Seán S. Ó Siṫiġ, Tráiġlí. agus Con Ó Brosnáin mar ionadaiṫe ar Comairle na Muṁan. Beiḋ toġċán don ċoiste roġnóireaċta peil agus iománaíoċta.

An Ceaṫrú Rua

Sinn Féin agus an Ġaeilge

Ag labairt dó ag Simpósium faoi ċoimirce An Cumann Éigse agus Seanċais i gColáiste na hOllscoile, Gaillim, ṫagair ball d'Árd-Ċomairle Sinn Féin, Seán Ó Brádaiġ, don Páipéar Bán ar ċeist na Gaeilge.

Dúirt sé naċ raiḃ sé de misneaċ ag Rialtas na 26 Ċontae dul ar aġaiḋ le beartas dána aṫḃeoċána ná cúl a ṫaḃairt leis an teanga go hiomlán. Ní raiḃ i ḃfocail agus i ngníoṁarṫa na bpolaiteoirí aċ fíminteaċt agus cur-i-gcéill.

Dúirt sé go raiḃ Seán Lemass taréis glacaḋ le riaṫlú Ṡasana sa Tuaisceart mar rud buan a ṁairfeaḋ i ḃfad, nó go deo b'ḟéidir. Bí sé taréis éirí as an troid as son na saoirse go hiomlán. ní raiḃ sé sásta dul ar aġaiḋ go misniúil le h-aṫḃeoċaint na teangan, bí an tír á díol le h-eaċtrannaiġ agus bí pleananna déanta le 70,000 feirmeoir beag a ḋíbirt den talaṁ faoi 1970.

"Tá mór-aiḋmeanna glórṁara 1916 agus 1919 tréigṫe anois ag an luċt polaitíoċta, aċ níl siad tréigṫe ag muintir na hÉireann.

"Ní ċuirfear an Ġaeilge ar ais ina háit ċeart aċ amáin trí spiorad na mblian 1916-1921. Ní ḋéanfaiḋ Seán Lemass ná Séamas Diolúin an spiorad a múscailt. Aċ tig le Sinn Féin agus Gluaiseaċt na Poblaċta é a ḋéanaṁ.

"Ag Árd Ḟeis Sinn Féin a tionólaḋ ar na mallaiḃ pléaḋ Clár nua Coṁḋaonaċ agus Eacnamaíoċta. Maidir leis an nGaeilge cuireaḋ in iúl gurḃ í aiḋm Sinn Féin an Ġaeilge a ċur á labairt mar ġnáṫ-ṫeanga muintir na hÉireann uiliġ. Má bí amras ar aon duine faoi ṗolasaí Sinn Féin i leiṫ na Gaeilge, ní gá go mbeaḋ amras air anois."

Drenáil fá na nGleanntaí

Bí Cormac Ó Breisleáin. T.D. agus Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., i láṫair ag cruinniú speisialta faoi ċoimirce Macra na Feirme in Institiúid Ṁic Déid, ar na Gleanntaí, faoi díogú speisialta a ḋéanaṁ ar an Aḃainn Aoḋa. Ṡocraiġ an cruinniú ar ṫoscaireaċt speisialta a ċur ċuig an